Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**5989/22**

**COH 7**
**SOC 65**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Feabhra 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 34 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN maidir leis an 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú: Comhtháthú san Eoraip i dtreo 2050 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 34 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 34 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.2.2022
COM(2022) 34 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**maidir leis an 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú: Comhtháthú san Eoraip i dtreo 2050**

{SWD(2022) 24 final}

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**maidir leis an 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú: Comhtháthú san Eoraip i dtreo 2050**

## 1. RÉAMHRÁ

I bhfianaise na hanailíse ar an 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú, cuirtear i láthair sa Teachtaireacht seo na príomhathruithe ar éagothromaíochtaí críochacha le 10 mbliana anuas agus an chaoi a ndearna beartais difear do na héagothromaíochtaí sin. Cuirtear i dtábhacht inti acmhainneacht an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh mar bhealaí nua le fás a spreagadh san Aontais, ach áitítear inti go bhféadfadh éagothromaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta agus críochacha nua a bheith ann mura ndéantar gníomhaíocht iomchuí beartais. Ar deireadh, seoltar inti próiseas machnaimh ar an gcaoi ar cheart an beartas comhtháthaithe a fhorbairt chun freagairt do na dúshláin sin agus go háirithe conas a áirithiú go leantar d'fheabhas a chur ar an gcomhtháthú le cur chuige áitbhunaithe il-leibhéil faoi stiúir comhpháirtíochta, agus sineirgí á bhforbairt agus cuspóirí comhtháthaithe á bpríomhshruthú i mbeartais agus in ionstraimí eile.

## 2. TÁ FEABHAS TAGTHA AR AN GCOMHTHÁTHÚ SAN AONTAS EORPACH, ACH TÁ BEARNAÍ FÓS ANN

Déantar measúnú sa Tuarascáil faoin gComhtháthú ar éabhlóid fhadtéarmach na n-éagothromaíochtaí réigiúnacha, ach tugtar aghaidh go hachomair inti freisin ar éifeachtaí gearrthéarmacha phaindéim COVID-19. Bhí tionchar neamhshiméadrach ag an bpaindéim ar réigiúin an Aontais, tionchar a raibh acmhainneachtaí réigiúnacha éagsúla cúraim sláinte, srianta éagsúla agus struchtúir eacnamaíocha éagsúla ag baint leis. Tá méadú 13 % tagtha cheana féin ar bhásmhaireacht san Aontas mar gheall ar COVID-19 (Caibidil 1[1]), ach tá an tionchar go dtí seo níos airde i réigiúin bheagfhorbartha inar tháinig méadú 17 %[2] ar an mbásmhaireacht. Tharla an cúlú eacnamaíoch ba mhó ó bhí 1945 ann mar thoradh ar an bpaindéim, cúlú eacnamaíoch a rinne difear go háirithe d'earnálacha a bhraitheann ar idirghníomhaíocht phearsanta, amhail an turasóireacht, agus a d'athraigh ár bpoist, ár scoileanna agus ár gcuid idirghníomhaíochtaí sóisialta ó bhonn, agus bhí tionchar díréireach ag srianta taistil ar réigiúin teorann.

---

1 Na caibidlí dá dtagraítear sa Teachtaireacht seo, is caibidlí sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an Teachtaireacht iad.

2 Tá leibhéal OTI atá níos lú ná 75 % de mheán an Aontais ag réigiúin bheagfhorbartha, tá leibhéal OTI idir 75 % agus 100 % ag réigiúin trasdula agus tá leibhéal OTI atá níos mó ná 100 % ag réigiúin níos forbartha.


***Spreag fás ard i réigiúin bheagfhorbartha cóineasú, ach féadfaidh a mbuntáistí ísealchostais agus na torthaí ar infheistíocht sa bhonneagar laghdú le himeacht ama.***

**Ó bhí 2001 ann, tá réigiúin bheagfhorbartha in oirthear an Aontais ag breith suas leis an gcuid eile den Aontas**, agus tháinig laghdú suntasach ar bhearna OTI *per capita* mar thoradh air sin (Léarscáil 1). Claochlú struchtúrach, go háirithe athrú fostaíochta ón talmhaíocht go hearnálacha breisluacha níos airde, is cúis lena rátaí arda fáis. Bhraith cuid de na réigiúin sin ar infheistíocht sa bhonneagar agus ar chostais ísle chun fás a chur chun cinn. Laghdóidh na torthaí ar infheistíocht sa bhonneagar agus na buntáistí ísealchostais, áfach, má fhásann fíorphá níos tapa ná an táirgiúlacht, go háirithe sna hearnálacha intrádála. Chun sáinn forbartha a sheachaint amach anseo, beidh ar réigiúin bheagfhorbartha borradh a chur faoin oideachas agus faoin oiliúint, infheistíochtaí sa taighde agus sa nuálaíocht a mhéadú, agus feabhas a chur ar cháilíocht a n-institiúidí.


**Tá marbhántacht nó meath eacnamaíoch tagtha ar roinnt réigiúin mheánioncaim agus bheagfhorbartha, go háirithe i ndeisceart an Aontais (Léarscáil 1), rud a thugann le fios go bhfuil siad i sáinn forbartha**[3] (Léarscáil 2). Bhí go leor réigiún thíos leis an ngéarchéim eacnamaíoch agus airgeadais in 2008 agus tá deacrachtaí acu téarnamh ó shin i leith. Beidh athchóirithe ar an earnáil phoiblí, lucht saothair uas-scilithe agus cumas nuálaíochta níos láidre ag teastáil chun fás fadtéarmach a bhaint amach.

[3] Meastar go bhfuil réigiún sáinnithe má tá moill tagtha ar a fhás agus má tá an fás níos ísle ná fás an Aontais agus/nó an fás náisiúnta. Ar Léarscáil 2 léirítear na réigiúin is mó a bhí sáinnithe nó a bhí sáinnithe go minic idir 2000 agus 2019. Ní raibh na réigiúin faoi dhath liath sáinnithe den chuid is mó.

*Léarscáil 1*


Canarias
Guadeloupe
Martinique
Guyane
Mayotte
Réunion
Açores
Madeira
REGIOgis
Growth of GDP/head, 2001-2019
Average percentage change on the preceding year
< 0
0 - 0.50
0.50 - 0.75
0.75 - 1
1 - 1.21
1.21 - 1.50
1.50 - 2
2 - 3
3 - 4
> 4
EU-27= 1.21
Source: DG REGIO based on JRC and Eurostat data
0
500 km
© EuroGeographics Association for the administrative boundaries

*Léarscáil 2*




**Feidhmíonn réigiúin príomhchathracha mheitreapholaiteacha níos fearr ná réigiúin eile.** Idir 2001 agus 2019, tháinig méadú níos tapa ar fhíor-OTI in aghaidh an duine i réigiúin mheitreapholaiteacha ná i réigiúin eile san Aontas (Caibidil 2). I ndeisceart agus in oirthear an Aontais, tháinig fás níos airde *per capita* ar OTI agus ar an bhfostaíocht i réigiúin príomhchathracha agus i réigiúin mheitreapholaiteacha eile, rud a fhágann go

bhfuil méadú ag teacht ar chomhchruinniú na gníomhaíochta eacnamaíche agus na fostaíochta sna réigiúin sin. In iarthuaisceart an Aontais, áfach, d'fhás réigiúin mheitreapholaiteacha agus réigiúin eile ar luasanna comhchosúla, agus níor fhás ach réigiúin na bpríomhchathracha beagán níos tapa ná sin.


***Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le feabhas a chur ar an bhfostaíocht agus ar an gcuimsiú sóisialta[4], ach tá dúshláin thábhachtacha struchtúracha fós le sárú.***

**Tá méadú ag teacht ar an bhfostaíocht, ach tá éagothromaíochtaí réigiúnacha fós níos mó ná mar a bhí siad roimh 2008** (Caibidil 5). Tháinig ardú mór ar éagothromaíochtaí réigiúnacha i rátaí fostaíochta agus dífhostaíochta mar gheall ar an ngéarchéim eacnamaíoch in 2008. Ar leibhéal an Aontais, tháinig an ráta fostaíochta chuige féin go hiomlán ón ngéarchéim agus bhain sé a luach is airde amach in 2019 agus an ráta ag 73 % de dhaoine idir 20 agus 64 bliana d'aois. Tháinig laghdú ar éagothromaíochtaí réigiúnacha ó bhí 2008 ann, ach tá siad fós níos leithne ná mar a bhí siad roimh an ngéarchéim eacnamaíoch. Tá rátaí fostaíochta i réigiúin bheagfhorbartha i bhfad faoi bhun na rátaí i réigiúin níos forbartha (Léarscáil 3).

---

4 Féach an ghné réigiúnach den scórchlár sóisialta https://ec.europa.eu/eurostat/web/european-pillar-of-social-rights/indicators/data-by-region

*Léarscáil 3*



Canarias
Guadeloupe
Martinique
Guyane
Mayotte
Réunion
Açores
Madeira
REGIOgis
Employment rate (20-64), 2020
% of population aged 20-64
< 66
66 - 70
70 - 74
74 - 78
78 - 82
>= 82
EU-27 = 72,5
The employment rate target is 78% by 2030.
Source: Eurostat (lfsd_r_lfe2emprt)
0
500 Km
© EuroGeographics Association for the administrative boundaries

**Ní mór níos mó fáis fostaíochta a bhaint amach agus an bhearna idir na hinscní a laghdú chun éagothromaíochtaí réigiúnacha fostaíochta a laghdú.** I réigiúin bheagfhorbartha, tá beagnach dhá oiread na bearna fostaíochta idir na hinscní agus atá i réigiúin níos forbartha (17 *vs* 9 bpointe céatadáin). Ar an iomlán, i réigiúin bheagfhorbartha is mó an seans go mbeidh mná faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le fir sa réigiún céanna agus is lú an seans go mbeidh leibhéal ard gnóthachtála acu i gcomparáid le mná i réigiúin eile.

**Tháinig laghdú 17 milliún ar líon na ndaoine i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta idir 2012 agus 2019**, mar gheall, den chuid is mó, ar an laghdú ar líon na ndaoine i ngéardhíth ábhartha i mBallstáit san oirthear. Chun sprioc an Aontais do 2030 a bhaint amach maidir le laghdú 15 mhilliún ar a laghad a chur ar líon na ndaoine i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta, ní mór ráta an laghdaithe bochtaineachta atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun sna 10 mbliana amach romhainn. Tháinig méadú 5 mhilliún in 2020 ar líon na ndaoine i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta mar gheall ar an bpaindéim, áfach.

**Tá laghdú ag teacht ar éagothromaíochtaí sláinte.** Tá méadú níos tapa tagtha ar an ionchas saoil i réigiúin bheagfhorbartha ná i réigiúin eile le 10 mbliana anuas. Mar sin féin, tá an t-ionchas saoil fós íseal i gcomparáid le meán an Aontais in go leor réigiún san oirthear (Léarscáil 4). Tháinig laghdú ar an ionchas saoil in 2020 i mbeagnach gach Ballstát mar gheall ar an bpaindéim, ach is dócha go mbeidh sé sin sealadach (Caibidil 1). Chuir an phaindéim na difríochtaí réigiúnacha in acmhainneacht an chúraim sláinte i dtábhacht freisin.

*Léarscáil 4*



Canarias
Guadeloupe
Martinique
Guyane
Mayotte
Réunion
Açores
Madeira
REGIOgis
Life expectancy, 2019
Life expectancy at birth in years
<= 78
78 - 79
79 - 80
80 - 81
81 - 82
82 - 83
83 - 84
> 84
EU-27 = 81.3
Source: Eurostat (demo_r_mlifexp)
0
500 km
© EuroGeographics Association for the administrative boundaries

*Tá laghdú tagtha ar éagothromaíochtaí mar gheall ar an mbeartas comhtháthaithe.*

**Léirítear sa samhaltú eacnamaíoch go mbeidh OTI in aghaidh an duine 2.6 % níos airde i réigiúin bheagfhorbartha in 2023 i ngeall ar thacaíocht ón mbeartas comhtháthaithe in 2014-2020.** Léirítear sa tsamhail sin freisin go dtiocfaidh laghdú 3.5 % ar an mbearna idir OTI in aghaidh an duine i réigiúin sna deicílí uachtaracha agus íochtaracha (Caibidil 9).

Tar éis chrapadh na n-infheistíochtaí náisiúnta poiblí i ngeall ar an ngéarchéim eacnamaíoch agus airgeadais, **bhí an beartas comhtháthaithe ina fhoinse infheistíochta níos tábhachtaí** (Caibidil 8). I dtíortha comhtháthaithe, tháinig méadú ar an gcistiú comhtháthaithe ó choibhéis 34 % go 52 % den infheistíocht phoiblí iomlán ó chlárthréimhse 2007-2013 go clárthréimhse 2014-2020 (Fíor 1). Murach an beartas comhtháthaithe, bheadh an laghdú ar an infheistíocht phoiblí ní ba mhó fós sna tíortha sin.

*Fíor 1: Leithdháiltí an bheartais comhtháthaithe i gcoibhneas leis an infheistíocht phoiblí, 2007-2013 agus 2014-2020*




Leis an mbeartas comhtháthaithe, freagraíodh go tapa **ar ghéarchéim COVID-19 trí chistiú breise a shlógadh, caiteachas ar an bhfreagairt ar ghéarchéimeanna a dhéanamh incháilithe agus rátaí cómhaoinithe ní b'airde a cheadú**. Chuidigh sé sin leis na Ballstáit agus na réigiúin freagairt ar an ngéarchéim. Ba cheart don bheartas comhtháthaithe filleadh ar a chroímhisean, áfach, maidir le héagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú agus forbairt réigiúnach fhadtéarmach a chur chun cinn.

## 3. NA NITHE A SPREAGANN FÁS RÉIGIÚNACH, CUIREANN SIAD BORRADH FAOIN GCOMHTHÁTHÚ DE GHNÁTH

Lean infheistíochtaí sa bhonneagar, i scileanna, sa nuálaíocht agus sa rialachas den chóineasú a spreagadh le blianta beaga anuas. Mar sin féin, tá bearnaí fós ann agus tá go leor nithe a spreagann fás fós lonnaithe i réigiúin níos forbartha agus i gceantair uirbeacha. Léirítear i dtaighde a rinneadh le déanaí go mbraitheann éifeachtacht na n-infheistíochtaí sin ar mheascán infheistíochta iomchuí réigiúnsonrach agus ar chreat maith institiúideach agus maicreacnamaíoch.

I gclárthréimhse 2014-2020, thacaigh beagnach leath den infheistíocht sa bheartas comhtháthaithe leis an mbonneagar, mar thoradh den chuid is mó ar na riachtanais in oirthear an Aontais. Laghdaigh sé sin an bhearna i bhfeidhmíocht an iompair ar bóthar in oirthear an Aontais agus **dhún sé an bhearna i ndeisceart an Aontais** (Caibidil 4). Chuir an infheistíocht sin feabhas freisin ar fheidhmíocht an iarnróid i ndeisceart agus in oirthear an Aontais. Mar sin féin, tá gá fós le tuilleadh infheistíochta in oirthear an Aontais, go háirithe chun tacú leis an aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de.

**Tá rochtain bhunúsach ar leathanbhanda beagnach uilíoch san Aontas**, ach níl naisc an-ardluais ar fáil ach do bheirt as triúr ar a bhfuil cónaí i gcathair agus do dhuine amháin as seisear ar a bhfuil cónaí faoin tuath (Caibidil 4). Ní thagann rátaí fáis níos airde go huathoibríoch as infheistíochtaí sa bhonneagar iompair agus TF amháin. Ní mór beartais a bheith ag gabháil leo, beartais a chruthaíonn timpeallacht fhabhrach le haghaidh cuideachtaí le gur féidir leo fás agus chun cuidiú le hoibrithe teacht ar dheiseanna nua fostaíochta i ngach réigiún.

Tá infheistíocht leordhóthanach i gcosaint an chomhshaoil, i bhfuinneamh glan agus i soláthar seirbhísí gaolmhara fíor-riachtanach chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach, iomaíochas agus cáilíocht saoil a áirithiú. **Tháinig laghdú ar thruailliú aeir agus uisce, ach tá siad fós ró-ard in go leor réigiúin bheagfhorbartha.** Tá truailliú an aeir de dheasca mínábhar cáithníneach ard in go leor réigiún san oirthear. Laistigh den Aontas, is é is cúis le thart ar 400 000 bás anabaí sa bhliain. Tá tiúchan ózóin fós ró-ard in go leor réigiún sa deisceart. Tá feabhas tagtha ar chóireáil fuíolluisce ar fud an Aontais, ach tá gá le tuilleadh infheistíochtaí in go leor réigiúin bheagfhorbartha agus trasdula chun cáilíocht an uisce a chosaint agus a fheabhsú (Caibidil 3).


**Tá dearlaicí scileanna dáilte go héagothrom agus tá siad dírithe ar réigiúin níos forbartha** agus go háirithe ar réigiúin príomhchathracha. Tá réigiúin bheagfhorbartha i bhfad ar gcúl ar réigiúin trasdula agus réigiúin níos forbartha i dtéarmaí an oideachais threasaigh, na foghlama ar feadh an tsaoil agus scileanna digiteacha. D'ainneoin feabhsuithe ar leibhéal an Aontais, tá na bearnaí idir na réigiúin fós mór. Nuair nach mbíonn meánoideachas ar a lán oibrithe, bíonn sé níos deacra an bhearna sa táirgeacht a dhúnadh. Feictear scoilt mhór idir ceantair uirbeacha agus thuaithe freisin ar leibhéal an oideachais agus scileanna an duine. Is mó an seans go mbeidh céim ollscoile ag daoine ar

a bhfuil cónaí i gcathair, go mbeidh siad rannpháirteach in oiliúint agus go mbeidh scileanna digiteacha maithe acu i gcomparáid le daoine ar a bhfuil cónaí faoin tuath.

**Tá an fhiontraíocht criticiúil le haghaidh fáis,** ach bíonn sí dírithe ar na cathracha móra de ghnáth. Tá gnólachtaí nua an-tábhachtach chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a éagsúlú agus poist a chruthú i réigiúin ina bhfuil an fás lag. Leis an Moladh maidir le Tacaíocht Ghníomhach Éifeachtach don Fhostaíocht (EASE)[5] tar éis ghéarchéim COVID-19, cuirtear i dtábhacht an chaoi ar féidir le huas-sciliú, athsciliú agus tacaíocht don fhiontraíocht aistrithe cuimsitheacha ó phost go post a chur chun cinn agus an comhthéacs réigiúnach á chur san áireamh.

Is gné ríthábhachtach í an nuálaíocht d'fhás eacnamaíoch réigiúnach fadtéarmach, ach **tá méadú tagtha ar dheighilt na nuálaíochta réigiúnaí san Eoraip**. Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag roinnt Ballstát chun breith suas, tá go leor réigiún, lena n-áirítear réigiúin sna Ballstáit níos forbartha, ar gcúl (Fíor 2). Ní hé easpa infheistíochta sa taighde agus san fhorbairt amháin is cúis leis sin, ach tá laigí in éiceachórais nuálaíochta réigiúnacha ina gcúis leis freisin. Is féidir le scaipeadh nuálaíochta níos fearr ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach cuidiú le réigiúin bheagfhorbartha agus trasdula breith suas. Is féidir le straitéisí um speisialtóireacht chliste, a tugadh isteach le beartas comhtháthaithe 2014-2020, cuidiú le haghaidh a thabhairt ar an deighilt sin, ach ní mór dóibh díriú níos mó ar acmhainneacht réigiúnach.

*Fíor 2: Deighilt na nuálaíochta réigiúnaí san Eoraip 2021*





5 Moladh ón gCoimisiún maidir le tacaíocht ghníomhach éifeachtach don fhostaíocht tar éis ghéarchéim COVID-19 (EASE) – C(2021) 1372, 4.3.2021.

Is measa fós an deighilt nuálaíochta sin mar gheall ar **nuálaíocht lag agus éifeachtaí iarmharta teoranta an chaipitil dhaonna de thoradh naisc idirnáisiúnta thrádála agus luachshlabhraí** in go leor réigiúin bheagfhorbartha agus trasdula. D'ainneoin na hinfheistíochta dírí coigríche agus na n-onnmhairí a bhíonn suntasach go minic, ní bhaineann gnólachtaí áitiúla agus oibrithe tairbhe astu in go leor réigiún. Mar gheall ar dhrochghlacadh teicneolaíochtaí digiteacha, cleachtais bhainistíochta agus teicneolaíochtaí Thionsclaíocht 4.0 sa ghnó agus san earnáil phoiblí, ní bhíonn go leor réigiún ullamh leas a bhaint as deiseanna nua agus bíonn siad leochaileach maidir le cur ar bun sa bhaile an athuair de réir mar a fhorbraíonn luachshlabhraí.

**Tá rialachas san Aontas ag feabhsú den chuid is mó, ach tá bearnaí fós ann idir na Ballstáit agus laistigh díobh** (Léarscáil 5[6]) (Caibidil 7). Trí fheabhas a chur ar institiúidí, is féidir rannchuidiú le hinfheistíocht níos éifeachtaí agus le leibhéil níos airde nuálaíochta agus fiontraíochta, rudaí atá criticiúil le haghaidh fás eacnamaíoch fadtéarmach. Chuir na Ballstáit uile feabhas ar a dtimpeallacht ghnó, ach tá éagsúlachtaí móra fós ann. Tá éifeachtacht an chórais ceartais éagsúil freisin idir na Ballstáit agus i roinnt Ballstát tá an smacht reachta imithe in olcas le himeacht ama.

[6] Tá an t-innéacs bunaithe ar shuirbhé réigiúnach lena dtomhaistear cáilíocht na bpóilíní áitiúla, oideachas agus cúram sláinte agus éilliú, finíochas agus idirdhealú i soláthar na seirbhísí sin.

*Léarscáil 5*





**Tá ról agus cumas na rialtas fonáisiúnta maidir leis an bhforbairt eacnamaíoch fós neamhchothrom, cé go ndéanann siad an chuid is mó den infheistíocht phoiblí**, go háirithe i ndáil leis an aistriú fuinnimh agus leis an oiriúnú don athrú aeráide (Caibidil 8). Tá beartais áitbhunaithe an-tábhachtach i dtíortha ina bhfuil éagothromaíochtaí suntasacha inmheánacha eacnamaíocha. Tháinig méadú mall ar an neamhspleáchas áitiúil agus réigiúnach i dtíortha comhtháthaithe le blianta fada anuas, ach tá sé fós níos ísle ná mar atá sa chuid eile den Aontas. Ós rud é go mbíonn sé dúshlánach cláir an bheartais chomhtháthaithe a bhainistiú do réigiúin ar beag an neamhspleáchas atá acu agus a bhfuil níos lú taithí acu maidir le hinfheistíochtaí poiblí a dhéanamh, chabhraigh an beartas comhtháthaithe le hacmhainneacht riaracháin agus cur chun feidhme straitéisí forbartha réigiúnacha a neartú, go háirithe trí ionstraimí críochacha agus trí chomhar laistigh de réimsí feidhme.

## 4. DEISEANNA NUA FÁIS, ACH RIOSCAÍ ÉAGOTHROMAÍOCHTAÍ NUA

Sna 30 bliain amach romhainn, spreagfaidh an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach fás an Aontais. Beidh deiseanna nua ann de bharr na n-aistrithe sin, ach beidh gá le hathruithe suntasacha struchtúracha ar dócha go gcruthóidh siad éagothromaíochtaí nua réigiúnacha. Má dhéantar neamhaird den aistriú déimeagrafach, féadfaidh sé dochar a dhéanamh don chomhtháthú agus don fhás araon. Leis an bealach a mbainistítear na haistrithe sin cinnfear an mbeidh gach réigiún agus saoránach, gan beann ar a áit chónaithe, in ann tairbhe a bhaint as na haistrithe sin. Mura bhfuil fís shoiléir chríochach ann maidir leis an gcaoi a mbainisteofar na próisis sin agus mura gcuirtear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta chun feidhme go huaillmhianach, d'fhéadfadh méadú teacht ar líon na ndaoine a mhothaíonn nach dtugtar cluas éisteachta dá dtuairimí agus nach meastar an tionchar ar a bpobail, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le míshástacht leis an daonlathas. Chun an Eoraip a ullmhú le déileáil leis na dúshláin sin, tá sé fíor-riachtanach aistrithe ó phost go post i dtreo na n-earnálacha glasa agus digiteacha a chur chun cinn agus réiteach a fháil ar na ganntanais scileanna a bhaineann leo, mar a mholtar i Moladh EASE.


Athróidh ár ngeilleagair ó bhonn mar gheall ar an **aistriú glas agus go háirithe na spriocanna maidir le geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de agus geilleagar ciorclach a bhaint amach.** Cuirfidh sé borradh faoin bhfostaíocht in earnálacha amhail an fuinneamh inathnuaite, athchúrsáil, dearadh, athchóiriú agus éicisheirbhísí, ach d'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh d'earnálacha nach mór a n-astaíochtaí a laghdú agus do na réigiúin ina bhfuil na hearnálacha sin lonnaithe (Léarscáileanna 6 agus 7). D'fhéadfadh caipiteal nádúrtha i réigiúin tuaithe borradh a chur faoi phoist i mbainistíocht na n-éicisheirbhísí agus an fhuinnimh inathnuaite. Dá bhrí sin, beidh tionchar sóisialta sprioc an Aontais a bheith aeráidneodrach faoi 2050 éagsúil ó réigiún amháin go réigiún eile agus d'fhéadfadh an tionchar a bheith níos airde sna réigiúin sin ina bhfuil rátaí arda bochtaineachta. Beidh gá le tacaíocht ó ionstraimí beartais amhail an Ciste um Aistriú Cóir.

*Léarscáil 6*



Canarias
Guadeloupe
Martinique
Guyane
Mayotte
Réunion
Açores
Madeira
REGIOgis
Change in total CO2 emissions from fossil fuels between 1990 and 2018
%
< -30
-30 - -20
-20 - -10
-10 - 0
0 - 10
10 - 20
20 - 30
>30
Source: JRC-EDGAR gridded CO2 data
0
500 km
© EuroGeographics Association for the administrative boundaries

*Léarscáil 7*


Canarias
Guadeloupe
Martinique
Guyane
Mayotte
Réunion
Açores
Madeira
REGIOgis
CO2 emissions from fossil fuels per head, 2018
tCO2 per head
<= 4.5
4.5 - 6.0
6.0 - 8.0
8.0 - 10.0
10.0 - 15.0
> 15.0
EU-27 = 7.2
Source: Crippa e.a. (2019)
0
500 km
© EuroGeographics Association for the administrative boundaries

**Tá an t-aistriú digiteach ag dul chun cinn ar luasanna difriúla ar fud na hEorpa.** Chun an t-aistriú a chur i gcrích, ní mór rochtain idirlín an-ardluais a mhéadú, borradh a chur faoi scileanna digiteacha agus infheistíocht a dhéanamh i dtrealamh TF. Tairbheoidh ceantair thuaithe de sin toisc go mbíonn a naisc idirlín mall go minic agus toisc go mbíonn a scileanna digiteacha faoi bhun an mheáin. Cuirfidh rochtain idirlín níos tapúla ar a gcumas do níos mó daoine oibriú ón mbaile, cuirfidh sí feabhas ar rochtain ar sheirbhísí ar líne, lena n-áirítear oiliúint, sláinte agus ríomhthráchtáil, agus féadfaidh sí níos mó seirbhísí a spreagadh le bogadh amach as lárionaid mhóra uirbeacha. Bainfidh na Ballstáit bheagfhorbartha tairbhe níos mó as an aistriú sin toisc go bhfuil a ngnólachtaí ar gcúl maidir leis an úsáid a bhaineann siad as teicneolaíochtaí digiteacha, ríomhthráchtáil agus cleachtais ríomhghnó.

**Déanfaidh an t-athrú déimeagrafach, go háirithe an t-aosú, difear do gach réigiún, ach déanfaidh sé difear do réigiúin tuaithe ar dtús**. Sna 10 mbliana amach romhainn, meastar go dtiocfaidh méadú de níos mó ná 25 % ar an daonra atá 65 bliana d'aois nó níos sine i réigiún amháin as gach cúig réigiún. Meastar go dtiocfaidh laghdú níos mó ná 10 % ar an daonra in aois oibre i réigiún amháin as gach ceithre réigiún. Meastar go dtiocfaidh laghdú níos mó ná 10 % ar an daonra faoi bhun 20 bliain d'aois i réigiún amháin as gach trí réigiún. Ar an iomlán, meastar go méadóidh an sciar den daonra i réigiún atá ag laghdú ó 34 % go 51 % idir 2020 agus 2040 (Caibidil 6). Déantar difear go háirithe do réigiúin tuaithe toisc go raibh siad ag laghdú cheana féin (Fíor 3). D'fhéadfadh na treochtaí sin difear a dhéanamh d'acmhainneacht fáis, d'fhorbairt scileanna agus do rochtain ar sheirbhísí.

*Fíor 3: Athrú nádúrtha ar an daonra, imirce ghlan agus athrú ar an daonra iomlán de réir na tíopeolaíochta réigiúnaí idir ceantair uirbeacha agus thuaithe agus de réir chineál an réigiúin mheitreapholaitigh le linn na mblianta 2010-2019*

| Average annual change per 1000 residents | Natural population change | Net migration | Total population change |
|---|---|---|---|
| **North-Western** | | | |
| Urban | 2.5 | 4.1 | 6.6 |
| Intermediate | 0.1 | 3.8 | 3.9 |
| Rural | -1.3 | 2.5 | 1.2 |
| **Southern** | | | |
| Urban | 0.0 | 2.5 | 2.6 |
| Intermediate | -1.7 | 1.9 | 0.2 |
| Rural | -4.7 | 1.0 | -3.7 |
| **Eastern** | | | |
| Urban | -0.5 | 2.7 | 2.2 |
| Intermediate | -1.9 | -0.4 | -2.3 |
| Rural | -1.9 | -2.3 | -4.2 |
| **EU** | | | |
| Urban | 1.2 | 3.3 | 4.5 |
| Intermediate | -0.9 | 2.1 | 1.2 |
| Rural | -2.0 | 0.4 | -1.6 |

| Average annual change per 1000 residents | Natural population change | Net migration | Total population change |
|---|---|---|---|
| **North-Western** | | | |
| capital metro | 5.1 | 3.3 | 8.4 |
| other metro | 0.5 | 4.5 | 5.0 |
| non-metro | -0.8 | 2.7 | 1.8 |
| **Southern** | | | |
| capital metro | 1.0 | 2.7 | 3.7 |
| other metro | -0.5 | 2.5 | 2.0 |
| non-metro | -2.5 | 1.5 | -1.0 |
| **Eastern** | | | |
| capital metro | -0.3 | 4.7 | 4.5 |
| other metro | -1.0 | 0.2 | -0.7 |
| non-metro | -2.4 | -2.3 | -4.7 |
| **EU** | | | |
| capital metro | 2.7 | 3.5 | 6.2 |
| other metro | 0.0 | 3.2 | 3.2 |
| non-metro | -1.8 | 0.8 | -1.0 |

Le blianta beaga anuas, bhí deiseanna eacnamaíocha, an tsoghluaisteacht shóisialta agus cáilíocht an tsaoil mall nó tháinig laghdú orthu in áiteanna áirithe san Eoraip. Tá méadú ag teacht ar mhíshástacht na saoránach mar gheall ar mheath fadtéarmach eacnamaíoch den sórt sin. Léiríonn Eorabharaiméadair go bhfuil seans níos mó ann go gceapfaidh daoine ar a bhfuil cónaí faoin tuath nach gcloistear a nguth agus nach mbeidh muinín acu as an Aontas. Tá níos mó muiníne ag saoránaigh as rialtais réigiúnacha agus áitiúla ná

údaráis náisiúnta nó údaráis ar leibhéal an Aontais, áfach. Chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin, ba cheart don aistriú glas agus don aistriú digiteach a bheith cóir agus cothrom, ba cheart iad a bhainistiú ar bhealach cuimsitheach agus ba cheart iad a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le rialtais réigiúnacha agus áitiúla.

## 5. DÚSHLÁIN ROIMH AN MBEARTAS COMHTHÁTHAITHE

Sa Tuarascáil maidir leis an bhFadbhreathnaitheacht Straitéiseach[7], cuirtear i dtábhacht gur mórthreochtaí iad dúshláin aeráide agus dúshláin chomhshaoil eile, an hipearnascacht dhigiteach agus claochluithe teicneolaíocha, brú ar an daonlathas, agus athruithe ar an ord domhanda agus ar an déimeagrafaíocht. Le scór bliain anuas, tá laghdú tagtha ar éagothromaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta agus críochacha mar gheall ar an mbeartas comhtháthaithe. Mar sin féin, d'fhéadfadh na móraistrithe glasa, digiteacha agus déimeagrafacha éagothromaíochtaí nua a chruthú, éilimh ar údaráis náisiúnta agus áitiúla a mhéadú, cur le míshástacht an phobail agus brú a chur ar ár ndaonlathais. Déanfaidh na dúshláin sin difear do thíortha forbartha eile freisin. D'fhéadfaí ár ndíospóireacht bheartais a shaibhriú a thuilleadh trí mhalartuithe beartais le tíortha leasmhara eile.

Conas is féidir leis an mbeartas comhtháthaithe, mar aon le beartais eile de chuid an Aontais, aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua sin? Ní mór muinín a bheith ag saoránaigh na hEorpa as a dtodhchaí, gan beann ar a n-áit chónaithe. Is féidir leis an mbeartas comhtháthaithe muintir na hEorpa a chur ar a suaimhneas ar thrí bhealach: ar an gcéad dul síos, trí pheirspictíocht dhearfach eacnamaíoch le haghaidh a réigiúin a chur ar fáil; ar an dara dul síos, trí aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní atá acu maidir le cáilíocht an tsaoil, deiseanna fostaíochta agus cuimsiú sóisialta, agus ar an tríú dul síos, trína áirithiú go roinntear go cothrom na costais agus na buntáistí a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua. Is féidir é sin a dhéanamh trí na freagairtí is fearr ar na nithe sin a spreagann na héagothromaíochtaí a aithint, trí ról na réigiún a neartú agus trí thionchar críochach bhearta chothrománacha an Aontais a chur san áireamh. I gcomhréir leis an sprioc maidir le cóineasú sóisialta aníos Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, ba cheart díospóireacht bheartais leathan faoi na ceannteidil seo a sheoladh, díospóireacht a chuirfear san áireamh i bhforbairt an bheartais tar éis 2027.

***Aghaidh a thabhairt ar nithe nua a spreagann éagothromaíochtaí tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:***

- **Aistriú cothrom a áirithiú.** Trí aistriú chuig geilleagar ciorclach aeráidneodrach, trínár ngeilleagar a chosaint, tríd an dúlra a athbhunú agus truailliú a laghdú, beidh go leor buntáistí i gceist ach ba cheart na costais a dháileadh go cothrom. D'fhéadfaí an Sásra um Aistriú Cóir a leathnú chun aghaidh a thabhairt ar chostais shóisialta an mhaolaithe ar an athrú aeráide agus an oiriúnaithe don athrú aeráide agus ar chostais shóisialta na ndúshlán comhshaoil eile, lena n-áirítear trí athrú struchtúrach a réamh-

[7] https://ec.europa.eu/info/strategy/strategic-planning/strategic-foresight/2021-strategic-foresight-report_en

mheas ar bhealach níos fearr, comhrac i gcoinne na bochtaineachta, infheistíocht a dhéanamh i scileanna agus oibriú go dlúth le comhpháirtithe sóisialta agus le gníomhaithe na sochaí shibhialta ar gach leibhéal críochach.

- **Athléimneacht agus freagrúlacht do thurraingí neamhshiméadracha a neartú.** Cuireann an phaindéim béim ar an gcaoi nach mór don bheartas comhtháthaithe a bheith in ann freagairt do thurraingí gan choinne, go háirithe turraingí a bhaineann leis an domhandú agus leis an athrú teicneolaíochta. Tá réigiúin a bhraitheann go mór ar líon beag earnálacha intrádála cúnga déantúsaíochta nó earnálacha seirbhísí an-leochaileach. Is féidir le héagsúlú na gníomhaíochta eacnamaíche, go háirithe i ndáil leis an aistriú digiteach in éineacht le beartais áitbhunaithe, amhail straitéisí um speisialtóireacht chliste, cuidiú le réigiúin a bheith níos táirgiúla agus gan a bheith chomh leochaileach céanna maidir le turraingí.

- **Cuidiú le réigiúin freagairt don athrú déimeagrafach.** Beidh ar ghnólachtaí oiriúnú do lucht saothair atá ag laghdú trí níos mó daoine a earcú ó ghrúpaí ag a bhfuil rátaí fostaíochta níos ísle amhail an óige, mná agus imircigh neamh-AE, agus trí infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht, i dteicneolaíochtaí dua-sheachanta agus méadúcháin, agus san fhoghlaim aosach, go háirithe ar oibrithe scothaosta agus ar bheagán oiliúna, chun spriocanna Chruinniú Mullaigh Porto a bhaint amach[8]. Beidh ar bhunscoileanna agus ar mheánscoileanna dul i dtaithí ar an líon níos ísle daltaí, agus beidh ar sheirbhísí poiblí eile agus ar an gcúram sláinte freastal ar líon cónaitheoirí scothaosta atá ag dul i méid.

- **Aghaidh a thabhairt ar an mbrú atá ar an daonlathas agus ar a luachanna.** Le hionstraimí críochacha a spreagann gníomhaithe áitiúla i gcathracha, bailte, ceantair thuaithe, limistéir chósta agus oileáin le bheith rannpháirteach agus le prionsabal na comhpháirtíochta sa bheartas comhtháthaithe, is féidir cuidiú le haghaidh a thabhairt ar an mbrú ar an daonlathas trí úinéireacht ar bheartais Eorpacha a mhéadú. Cruthaíonn an comhar críochach pobail nua leasa choitinn agus tacaíonn sé le seachadadh sofheicthe earraí poiblí ar leibhéil chríochacha éagsúla.

***Ról na réigiún maidir le cothú thodhchaí na hEorpa a neartú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:***

- **Peirspictíochtaí eacnamaíocha nua a chruthú le haghaidh réigiúin bheagfhorbartha agus fhorimeallacha.** D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le paraidím forbartha nua i réigiúin bheagfhorbartha agus i réigiúin fhorimeallacha. Ba cheart a chur san áireamh sa pharaidím sin deiseanna atá ag teacht chun cinn, naisc idirnáisiúnta, dáileadh críochach na riachtanas sonrach agus na ndearlaicí, agus soláthar earraí poiblí amhail acmhainní straitéiseacha, an bhithéagsúlacht, foinsí inathnuaite agus áiseanna.

---

8 Lena n-áirítear an sprioc go dtabharfaidh 60 % de dhaoine fásta ar a laghad faoi chúrsa oiliúna gach bliain. https://www.2021portugal.eu/media/icfksbgy/porto-social-commitment.pdf

- **An nuálaíocht a leabú i ngach réigiún.** Trí aghaidh a thabhairt ar laigí i scaipeadh agus i nglacadh smaointe agus teicneolaíochtaí nua agus tríd an nuálaíocht leathan a spreagadh, áiritheofar gur féidir le gach réigiún tairbhe a bhaint as geilleagar a bhfuil níos mó dlútheolais ag baint leis.

- **Comhar trasteorann agus idir-réigiúnach a neartú.** Chuir an phaindéim i dtábhacht na deacrachtaí a bhaineann le dul thar teorainn náisiúnta le haghaidh oibre, oideachais, cúram sláinte agus seirbhísí eile. Tá feidhmíocht iompair ar bóthar agus iompair ar iarnród níos ísle i réigiúin teorann. Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, tá gá le rialachas níos fearr ar réigiúin fheidhmiúla teorann, comhordú níos láidre seirbhísí, bonneagair agus infheistíochtaí, agus malartú taithí a dtacaíonn taighde uile-Eorpach leis.

- **Naisc idir ceantair uirbeacha agus thuaithe agus ról na gcathracha níos lú agus na mbailte maidir le tacú le ceantair thuaithe a neartú.** Is minic a spreagann cathracha móra agus a réigiúin mheitreapholaiteacha forbairt eacnamaíoch. Soláthraíonn cathracha níos lú, bailte agus sráidbhailte áirithe rochtain ar réimse leathan seirbhísí poiblí agus príobháideacha. Ciallaíonn an ról atá acu mar lárionaid réigiúnacha go soláthraíonn siad crann taca don réigiún máguaird. Tríd an ról sin a neartú, d’fhéadfaí borradh a chur faoi fhorbairt eacnamaíoch agus feabhas a chur ar cháilíocht an tsaoil. Cé go mbíonn dúshláin ar leith roimh limistéir uirbeacha, d’fhéadfadh cónaitheoirí uirbeacha agus tuaithe araon tairbhiú de thuilleadh atreisithe ar naisc laistigh de limistéir fheidhmiúla. Leis an bhfís fhadtéarmach le haghaidh ceantair thuaithe[9], soláthraítear creat chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá le sárú ag ceantair thuaithe.

- **Aghaidh a thabhairt ar riachtanais na n-áiteanna atá fágtha ar lár.** Caithfidh réigiúin áirithe aghaidh a thabhairt ar leagáid na n-athruithe struchtúracha a laghdaigh foinsí traidisiúnta fostaíochta a mbíonn ina gcúis le neamhréireanna scileanna agus le díghrádú an chomhshaoil, rud a chruthaíonn sáinneacha forbartha. Bíonn limistéir den sórt sin suite i dtíortha nó i réigiúin mheánioncaim go minic. Tá gá le beartais spriocdhírithe chun na pobail sin a chomhtháthú sa gheilleagar réigiúnach agus náisiúnta níos leithne, i gcomhréir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

***Na huirlisí a fhorbairt chun comhtháthú a sholáthar i dtreo 2050 tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:***

- **Éifeachtacht na mbeartas áitbhunaithe a mhéadú.** Aithnítear mó sa mhó go bhfuil gá le beartais struchtúracha ar fud na tíre a chomhlánú le beartais áitbhunaithe. Léiríonn an speisialtóireacht chliste conas cur le sócmhainní áitiúla chun iomaíochas agus an t-éiceachóras nuálaíochta a neartú. Le Pleananna Críochacha um Aistriú Cóir atá dírithe ar an leibhéal áitiúil, tugtar tacaíocht Eorpach do na gnólachtaí, na

9 COM(2021) 345 final, 30.6.2021.

hoibrithe agus na pobail is mó atá thíos leis an athrú struchtúrach faoi thionchar aeráide. Ba cheart an cur chuige sin a neartú le haghaidh na bpríomhchuspóirí beartais eile faoin mbeartas comhtháthaithe, go háirithe an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach. Ina theannta sin, ba cheart leas iomlán a bhaint as an gcur chuige comhtháite forbartha críochaí agus as an gcuspóir beartais tiomanta 'Eoraip atá níos gaire do na saoránaigh'.

- **Seachadadh an bheartais comhtháthaithe do thairbhithe a chuíchóiriú a thuilleadh.** I bhfianaise simplithe agus solúbthachta a tugadh isteach cheana féin i gclárthréimhse 2021-2027, faoin mbeartas comhtháthaithe agus faoi chistí ábhartha eile a bhaineann le hinfheistíocht araon, déantar iniúchadh ar fheabhsuithe breise ar sheachadadh an bheartais, feabhsuithe atá fabhrach do thairbhithe. An tráth céanna, ba cheart príomh-bhunphrionsabail an tseachadta áitbhunaithe agus rannpháirtíochta, amhail rialachas il-leibhéil agus prionsabal na comhpháirtíochta, a threisiú.

- **Ról an bheartais comhtháthaithe a neartú maidir le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach san aistriú glas, san aistriú digiteach agus san aistriú déimeagrafach a scaoileadh.** Is féidir ról níos mó a bheith ag an mbeartas comhtháthaithe maidir le hinfheistíocht a spreagadh ar an leibhéal réigiúnach, ar leibhéal na cathrach agus ar an leibhéal áitiúil, acmhainní na hearnála príobháidí a ghiaráil agus tacú leis na hoiriúnuithe institiúideacha is gá. Fágann sé sin nach mór a áirithiú go bhfuil an cumas is gá ag gníomhaithe poiblí agus príobháideacha ar an leibhéal iomchuí chun infheistíocht den sórt sin a choinneáil ar bun trí ioncaim chánach, muirir úsáideora, táillí agus foinsí eile ioncaim san fhadtéarma. Ba cheart iarrachtaí den sórt sin a nascadh chun an tacaíocht ón gCoimisiún chun na creatdálaí le haghaidh maoiniú inbhuanaithe a neartú.

- **Infheistíochtaí i ndaoine ar feadh a saoil a mhéadú.** Chun Eoraip iomaíoch agus chomhtháite a bhaint amach sa todhchaí, ní mór níos mó infheistíochta agus infheistíocht níos fearr a dhéanamh in oideachas agus in oiliúint daoine, lena n-áirítear a gcuid scileanna, a gcruthaitheacht agus a gcumas gnólachtaí a chruthú agus a bheith nuálach. Beidh sé sin fíor-riachtanach chun an bealach a aimsiú go rathúil trí na haistrithe teicneolaíochta, glasa agus digiteacha atá romhainn. Chun a comhtháthú sóisialta a neartú agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais grúpaí atá fágtha ar lár, ní mór don Eoraip infheistíocht a dhéanamh i mbearta spriocdhírithe gníomhachtúcháin agus cuimsithe shóisialta agus tacaíocht fós á tabhairt d'athchóirithe beartais atá dírithe ar fhorbairt chuimsitheach.

- **Comhlántachtaí laistigh de bheartais eile de chuid an Aontais a fheabhsú.** Ní mór an cur chuige reatha maidir le sineirgí laistigh de bhuiséad an Aontais, lena ndírítear ar ionchuir agus ar shreabha airgeadais, a bheith níos dírithe ar chomhlántachtaí beartais réadaigh. Ní mór béim shonrach réigiúnach a chur ar réimsí nua beartais — amhail idirthuilleamaíochtaí straitéiseacha, beartas aeráide sóisialta, Comhghuaillíochtaí Tionsclaíocha Eorpacha — ina bhféadfadh an beartas comhtháthaithe a bheith an-ábhartha. Ba cheart measúnuithe tionchair chríochaigh agus promhadh leas na tuaithe a neartú, ionas go gcuirfear san áireamh ar bhealach

níos fearr riachtanais agus sainiúlachtaí chríocha éagsúla an Aontais. Ba cheart tuilleadh forbartha a dhéanamh ar phrionsabal 'na neamhdhíobhála don chomhtháthú', prionsabal a chiallaíonn nár cheart d'aon ghníomh cur isteach ar an bpróiseas cóineasaithe nó cur le héagothromaíochtaí réigiúnacha, agus ba cheart é a chomhtháthú sa cheapadh beartas.

- Soláthróidh Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an Aontais suas le €724 bhilliún do na Ballstáit. Caithfidh 37 % den chistiú sin tacú le gníomhú ar son na haeráide agus caithfidh 20 % de tacú leis an aistriú digiteach. Beidh sé ina phríomhdhúshlán a áirithiú go **rannchuidíonn na hacmhainní sin leis an gcomhtháthú** ar bhealach comhordaithe.

Ag Fóram 2022 um Chomhtháthú, cuirfear tús le díospóireacht i measc páirtithe leasmhara maidir leis na ceachtanna atá le foghlaim ón ngéarchéim a bhí ann le déanaí agus seolfar próiseas machnaimh freisin maidir le dúshláin a bheidh roimh an mbeartas comhtháthaithe amach anseo, lena n-áiritheofar nach bhfágfar aon chríoch ar lár.